Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/5298

30.9.2025

**Fógra le haghaidh eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2023/891 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2023/888 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú**

(C/2025/5298)

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar A7 OOO (A7 LLC) (Uimh. 3), eintiteas atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/891 ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/888 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle an t-eintiteas thuasluaite a áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle [3] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle [4] a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

Leis seo, cuirtear in iúl don eintiteas lena mbaineann go bhféadfaidh sé iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an ráiteas ar chúiseanna lena ainmniú atá beartaithe a fháil, roimh 7 Deireadh Fómhair 2025, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

(1) IO L 114, 2.5.2023, lch. 15.
(2) IO L 114, 2.5.2023, lch. 1.
(3) IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.
(4) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.